M.24T

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2001

# TÍREOLAÍOCHT - ARDLEIBHÉAL

DÉ LUAIN, 11 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 1.30 GO 4.50

Freagair **ceithre** cheist, is é sin, Ceist 1, Ceist 5 agus dhá cheist eile as Roinn B (ceisteanna 2, 3, 4).

I gcás freagraí a mbíonn plé iontu, is fearr go mór trácht go mion ar thrí nó ar cheithre ghné, seachas trácht go ginearálta ar go leor pointí.

**ROINN A – OBAIR LÉARSCÁILE**
**Freagair Ceist 1 ina hiomláine**

**1. Deimhnigh go bhfuil Léarscáil Suirbhéireachta Ordanáis agus Aerfótagraf agat.**

**(a)** Déan cur síos ar **thrí** thoisc thábhachtacha a chuaigh i bhfeidhm ar fhorás Bhaile Átha Fhirdhia.

Bíodh tagairtí beachta agat d'fhianaise ón léarscáil i do fhreagra. **(30 marc)**

**(b)** "Lonnaíocht tuaithe is ea cuid mhór den lonnaíocht stairiúil sa cheantar a chlúdaítear ar an léarscáil."

Pléigh bailíocht an ráitis seo agus an léarscáil amháin mar fhianaise agat. **(30 marc)**

**(c)** Mol láthair oiriúnach do choimpléasc nua óstán/ionad comhdhála.

Bíodh fianaise bheacht agat ón léarscáil **agus** ón bhfótagraf a tugadh duit mar thaca le do rogha. **(40 marc)**

**ROINN B – TÍREOLAÍOCHT FHISICEACH, SHÓISIALTA AGUS EACNAMAÍOCH**
**Freagair DHÁ cheist**


**2. TÍREOLAÍOCHT FHISICEACH: Freagair 2(a) nó 2(b) nó 2(c) nó 2(d).**

**(a) Staidéar Abhann**

**(i)** Mínigh na próisis a thagann i gceist i bhfoirmiú **trí** cinn de na tírghnéithe a fheictear ar chúrsa abhann. **(75 marc)**

**(ii)** "Ní féidir sceitheadh abhann a sheachaint ar fad, ach ní mór é a choinneáil faoi smacht."

Pléigh bailíocht an ráitis seo i bhfianaise na samplaí a bhfuil staidéar déanta agat orthu. **(25 marc)**




**(b) Teicteonaic Plátaí, Creathanna Talún agus Bolcáin**

**(i)** Mínigh an nasc atá idir Gluaiseachtaí Plátaí agus teacht chun cinn bolcán **agus** creathanna talún. **(75 marc)**

**(ii)** Pléigh **dhá** éifeacht dhiúltacha ar ghníomhú bolcánach, agus bíodh tagairt agat do shamplaí. **(25 marc)**

**(c) Cineálacha síonchaithimh**

**(i)** Déan cur síos, agas tabhair míniú ar shampla **amháin** de SHÍONCHAITHEAMH CEIMICEACH agus ar shampla **amháin** de SHÍONCHAITHEAMH FISICEACH **nó** de SHÍONCHAITHEAMH MEICNIÚIL. **(60 marc)**


**(ii)** Déan iniúchadh ar na cúiseanna **agus** ar na héifeachtaí a bhaineann le BÁISTEACH AIGÉADACH. **(40 marc)**

**(d) Fliuchras in Éirinn agus Athrú Aeráide**

**(i)** "Ní mar a chéile méid an fhliuchrais in Éirinn ó áit go háit."

Pléigh an ráiteas seo agus tú ag rianú **trí** cinn de na tosca a bhfuil tionchar acu ar na difríochtaí seo.

Bain úsáid as samplaí ar an léarscáil thíos mar léiriú ar do fhreagra. **(60 marc)**




**Fliuchras Bliantúil na hÉireann**

**(ii)** "Ceisteanna móra don chine daonna is ea athrú aeráide agus ról an duine san athrú sin." Mínigh an ráiteas sin. **(40 marc)**

**3. TÍREOLAÍOCHT SHÓISIALTA: Freagair 3(a) nó 3(b) nó 3(c) nó 3(d).**

**(a) Féach go grinn ar an aerfhótagraf daite de Bhaile Átha Fhirdhia a ghabhann leis seo.**

**(i)** Tarraing sracléarscáil den achar sin de Bhaile Átha Fhirdhia atá san aerfhótagraf. Sainaithin agus lipéadaigh ar do léarscáil **ceithre** chineál éagsúla úsáid talún atá le feiceáil ar an bhfótagraf. **(40 marc)**

**(ii)** "Ta an chuma air go mbeidh plódú tráchta ina fhadhb i mBaile Átha Fhirdhia".

Bain úsáid as fianaise ón tSuirbhéireacht Ordanáis **agus** ón aerfhótagraf atá agat chomh maith chun bailíocht an ráitis seo a phlé.

I do fhreagra, luaigh amach **dhá** áit dar leat, ina mbeidh an plódú tráchta is measa. **(30 marc)**

**(iii)** Cuir i gcás go bhfuil an clós adhmaid i dtosach láir an fhótagraif ar tí dúnadh. Mol úsáid **amháin** phoiblí agus úsáid **amháin** phríobháideach don láthair seo a rachadh chun sochair Bhaile Átha Fhirdhia. **(30 marc)**


**(b) Gorta san Afraic**

**(i)** "Tá tragóid ghorta san Afraic feicthe arís againn le blianta beaga anuas". Pléigh **trí** chúis atá le gorta dá leithéid agus luaigh samplaí ón Afraic a bhfuil staidéar déanta agat orthu. **(60 marc)**

**(ii)** Pléigh **dhá** mhodh gníomhaíochta a bheadh oiriúnach chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb. **(40 marc)**

**(c) Uirbiú agus Forbairt**

"Tá buntáistí **agus** fadhbanna tagtha chun cinn sna tíortha forbartha agus sna tíortha i mbéal forbartha de thoradh fás ar chéatadán an daonra i gceantair uirbeacha".




Pléigh an ráiteas seo i bhfianaise an ghraif thuas agus na samplaí a bhfuil staidéar déanta agat orthu. **(100 marc)**

**(d) Imirce**

**(i)** "Cruthaíonn an sruth líonmhar dídeanach, lucht saothair ar imirce, agus daoine ag lorg tearmainn idir dheiseanna agus fhadhbanna do na tíortha a ghlacann leo". Pléigh cuid de na deiseanna **agus** cuid de na fadhbanna atá i gceist sa ráiteas seo. **(70 marc)**

**(ii)** Mol go hachomair **trí** shlí ina bhféadfadh Rialtas na hÉireann freagairt do na dúshláin atá luaite faoi Chuid a (i). **(30 marc)**

**4. TÍREOLAÍOCHT EACNAMAÍOCH: Freagair 4(a) nó 4(b) nó 4(c) nó 4(d).**

**(a) <u>Úsáid Fuinnimh</u>**

**(i)** Déan anailís ar chuid de na hargóintí i bhfabhar **<u>agus</u>** ar chuid de na hargóintí i gcoinne leanúint ar aghaidh le Cumhacht Núicléach a úsáid i ngeilleagair Iarthar na hEorpa. **(60 marc)**

**(ii)** Maidir le **<u>dhá</u>** fhoinse fuinnimh in-athnuaite a bhfuil staidéar déanta agat orthu, déan measúnacht ar na buntáistí a bhaineann leo. **(40 marc)**

**(b) <u>Lonnú Tionsclaíoch</u>**

**(i)** "Tá an lucht saothair agus margaí níos tábhachtaí ná teacht éasca ar amhábhar mar thosca a théann i bhfeidhm ar lonnú tionscal nua-aimseartha faoi láthair".

Pléigh an ráiteas seo agus déan tagairt do roinnt samplaí a bhfuil staidéar déanta agat orthu. **(60 marc)**

**(ii)** "D'ainneoin athruithe sna tosca a théann i bhfeidhm ar lonnú tionscal, tá tóir i gcónaí ar na calafoirt aigéin ag na tionscail déantúsaíochta".

Scrúdaigh an ráiteas seo, agus bíodh tagairt sa fhreagra agat do shamplaí a bhfuil staidéar déanta agat orthu. **(40 marc)**

**(c) <u>Talmhaíocht</u>**

Déan scrúdú ar an tábhacht a bhaineann le **<u>gach ceann</u>** faoi leith díobh seo a leanas i bhforbairt na Talmhaíochta, agus bíodh tagairt agat do shamplaí sonracha:

- Dálaí fisiciúla
- Achar ó mhargaí
- Cúinsí polaitiúla.

**(100 marc)**

**(d) <u>Obair allamuigh</u>**

Maidir le hobair allamuigh <u>ar bith</u> atá curtha i gcrích agat:


**(i)** Luaigh teideal agus aidhmeanna an tionscadail. **(10 marc)**
**(ii)** Mínigh cén t-ullmhúchán a rinne tú don obair allamuigh. **(15 marc)**
**(ii)** Mínigh conas mar a rinne tú bailiú agus taifeadadh ar shonraí san obair allamuigh. **(30 marc)**
**(iv)** Mínigh na príomhthorthaí agus na conclúidí. **(30 marc)**
**(v)** Cad iad na Scileanna Tíreolaíochta a d'úsáid tú agus an Tionscadal allamuigh ar siúl agat? **(15 marc)**

**ROINN C**
**Freagair Ceist a 5**

**5. TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH: Freagair 5 (a) nó 5(b) nó 5 (c) nó 5 (d).**

**(a) Fairsingiú Eacnamaíoch na hÉireann**

Olltáirgeacht Náisiúnta (G.N.P.) Phoblacht na hÉireann




**(i)** Is díol suntais é fás eacnamaíoch na hÉireann le deich mbliana anuas.

Pléigh **trí cinn ar bith** de na tosca a thug an fhorbairt seo chun cinn.
**(80 marc)**

**(ii)** Pléigh éifeacht **amháin** diúltach a bhaineann le fairsingiú eacnamaíoch chomh tapa sin. **(20 marc)**

**(b) Acmhainní Nádúrtha**

"Tá ról an-tábhachtach ag Achmhainní Nádúrtha i bhforbairt eacnamaíoch tíortha."
Pléigh an ráiteas seo agus bíodh tagairtí beachta agat do thír **amháin** ar bith díobh seo a leanas:

– An Eilvéis, An Isiltír, An Iorua, An tSualainn, An Bhreatain, an Spáinn, Éire.
**(100 marc)**

**(c) Ceantair Lárnacha agus Ceantair Fhorimeallacha**

**(i)** Déan scrúdú beacht ar **thrí** thréith a bhaineann le réigiún LÁRNACH, agus bíodh tagairt agat do **dhá** shampla ón staidéar atá déanta agat ar Iarthar na hEorpa. **(60 marc)**

**(ii)** Luaigh **dhá** pholasaí, agus cúiseanna luaite agat leo, a cheartódh na míchothromaíochtaí idir na réigiúin LÁRNACHA agus na réigiúin FHORIMEALLACHA san Eoraip.
**(40 marc)**

**(d) Ról na farraige in Iarthar na hEorpa**

Déan scrúdú ar ról na farraige i ngeilleagar Iarthar na hEorpa, agus bíodh tagairt agat do **dhá** thír ar a laghad. **(100 marc)**